



# Eolas do thuismitheoirí ar Churaclam Nua Matamaitice na Bunscoile



Tá curaclam nua matamaitice do leanaí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta foilsithe ag an Roinn Oideachais. Leagtar amach sa churaclam an méid a fhoghlaimíodh leanaí sa mhatamaitic i ngach scoil.

## Céard atá difriúil agus cén chaoi a bhfoghlaimíodh leanaí faoin gcuraclam nua?

Is éard is aidhm an churaclaim nua ná go bhfeicfidh leanaí gur ábhar tábhachtach agus úsáideach ina saol laethúil é an mhatamaitic.

Ní athraíonn sé mórán faoin 'méid' a fhoghlaimíodh leanaí ach feabhsaíonn sé 'an chaoi' a bhfoghlaimíonn leanaí matamaitic. Áirítear orthu sin níos mó foghlama trí spraoi agus réiteach fadhbanna. Cuirtear tuilleadh deiseanna ar fáil freisin do leanaí le bheith cruthaitheach, dul sa seans agus le dúshlán a thabhairt dóibh. Tugtar níos mó solúbthachta do mhúinteoirí ábhar a mhúineadh ar an mbealach is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais gach linbh. Tá roinnt samplaí anseo a leanas.



- Beidh deis ag leanaí an mhatamaitic a fhoghlaim trí spraoi a dhéanamh. Is féidir le múinteoirí cluichí a úsáid a bhaineann le comhaireamh, tomhas, uillinneacha agus mar sin de.

- Is féidir le leanaí ceangal a dhéanamh idir an mhatamaitic agus réimsí eile den fhoghlaim. Áirítear ar roinnt de na samplaí, an mhatamaitic a úsáid sa chorpoideachas nó sa stair, nó sa Ghaeilge.
- Moltar do leanaí a gcuid smaointe faoin mhatamaitic a roinnt, a réasúnú agus a áitiú.
- Tabharfar tuilleadh spáis do leanaí chun obair a dhéanamh le chéile agus lena gcuid tuairimí a phlé.
- Beidh deis ag leanaí fadhbanna ón bhforshaol a réiteach trí úsáid a bhaint as an matamaitic.



### Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

Le linn na scoilbhliana seo, beidh deis ag múinteoirí agus príomhoidí eolas a fháil ar an gcuraclam agus b'fhéidir go dtosóidh siad ag baint triail as codanna de sa seomra ranga. Gheobhaidh múinteoirí agus




príomhoidí tacaíocht sa churaclam nua. Cuirfidh an scoil tuismitheoirí ar an eolas nuair a bheidh an tacaíocht sin ar fáil. Ciallaíonn sé sin, b'fhéidir, go ndúnfaí scoileanna do roinnt leanaí nó do gach leanbh ar feadh tamall gearr.



### Tuilleadh eolais

Tá Curaclam na Bunscoile ag athrú. Is céim eile é Curaclam Matamaitice na Bunscoile maidir leis an gcuraclam, ar a bhfuil an chuid is mó de ann le 20 bliain anuas, a uasdátú.

## Cén áit a bhfuil tuilleadh eolais ar fáil?



Más maith leat tuilleadh a léamh faoin agus tacaíochtaí a aimsiú do thuismitheoirí, téigh chuig

1. [gov.ie/primarycurriculum](https://www.gov.ie/primarycurriculum)
2. [ncca.ie/en/primary/resourcesforparents/](https://www.ncca.ie/en/primary/resourcesforparents/)



Clliceáil

Clliceáil

